Coimisiún na Meán

# Cáipéis Chomhairliúcháin: Forbairtí in Iolrachas na Meán in Éirinn 2021-2023

Dáta foilsithe: 1 Samhain 2024

Spriocdháta le haghaidh freagra: 29 Samhain 2024

## Cuireann an cháipéis seo comhairliúchán i láthair ar na réimsí seo a leanas:

1. Tionchar na gcumasc aonair sna meáin ar iolrachas in Éirinn le linn na tréimhse 2021-2023.
2. Éifeacht charnach na gcumasc uile sna meáin a tharla laistigh den tréimhse seo.
3. An gá a d'fhéadfadh a bheith le coimircí feabhsaithe nó gealltanais ó pháirtithe a raibh baint acu le hidirbhearta meán le linn na tréimhse sin, agus iad dírithe go sonrach ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint.
4. An tionchar a bhí ag forbairtí margaidh nach mbaineann le cumaisc ar iolrachas na meán in Éirinn le linn na tréimhse céanna.

## Séanadh Dlíthiúil

Níor cheart na tograí atá sa cháipéis chomhairliúcháin seo a léamh mar thograí a léiríonn nó a shonraíonn seasamh deiridh Choimisiún na Meán maidir le haon cheann de na hábhair atá faoi réir comhairliúcháin. Tabhair do d’aire gur tuairimí sealadacha agus neamhcheangailteacha iad aon tuairimí ar léirmhíniú na reachtaíochta nó ar oibleagáidí an Choimisiúin agus nár cheart iad a léamh mar thuairimí a léiríonn seasamh deiridh an Choimisiúin. Féach na forálacha reachtacha bunúsacha le haghaidh ráiteas ar an dlí sa réimse seo.

# Clár Ábhar

Clár Ábhar ........ 3
1. Réamhrá ........ 4
2. Comhthéacs reachtúil ........ 5
3. Creat coincheapúil ........ 8
4. Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin ........ 10
5. Ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo ........ 13
6. Foilsiú aighneachtaí........ 14
7. Cumaisc meán dá dtugtar fógra 2021-2023 ........ 16

# 1. Réamhrá

Gach tréimhse trí bliana ceanglaítear ar Choimisiún na Meán[1] ("An Coimisiún") tabhairt faoi athbhreithniú ar na nithe seo a leanas: úinéireacht gnólachtaí meán sa Stát; an chaoi a bhfuil úinéireacht agus rialú athraithe; agus na himpleachtaí d'iolrachas na meán. Rinneadh na chéad trí athbhreithniú den sórt sin in 2015[2], 2018[3] agus 2021[4]. Tá obair tosaithe anois ag an gCoimisiún ar an gceathrú hathbhreithniú.

Mar chuid den athbhreithniú seo, tá an Coimisiún ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna a bhaineann le hathruithe ar iolrachas, agus conas ba cheart measúnú a dhéanamh air, don tréimhse 2021-2023.

Tugtar breac-chuntas sa pháipéar gairid seo ar an gcomhthéacs reachtúil, ar an gcur chuige coincheapúil atá beartaithe, ar na ceisteanna a bhfuil ionchur na bpáirtithe leasmhara á lorg ag an gCoimisiún ina leith, agus ar an gcaoi le freagra a thabhairt.

---

[1] Chun tuilleadh sonraí ar an gCoimisiún a fháil, féach suíomh gréasáin na heagraíochta
[2] Tuarascáil ÚCÉ maidir le hÚinéireacht agus Rialú Gnólachtaí Meán 2012-2014
[3] Tuarascáil ÚCÉ maidir le hÚinéireacht agus Rialú Gnólachtaí Meán 2015-2017
[4] Tuarascáil ÚCÉ maidir le hÚinéireacht agus Rialú Gnólachtaí Meán 2018-2020

## 2. Comhthéacs reachtúil

Sonraítear san Acht Iomaíochta, 2002, arna leasú ("an tAcht"), go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

> *'tráth nach déanaí ná bliain amháin ó dháta thosach feidhme an ailt seo, agus gach tréimhse trí bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil a ullmhú lena ndéanfar na nithe seo a leanas —*
>
> > *(a) tuairisc a thabhairt ar na socruithe úinéireachta agus rialaithe do ghnóthais a sheolann gnólacht meán sa Stát,*
> >
> > *(b) tuairisc a thabhairt ar na hathruithe ar shocruithe úinéireachta agus rialaithe na ngnóthas sin le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin, agus*
> >
> > *(c) anailís a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athruithe sin ar iolrachas na meán sa Stát'.*[5]

Soláthraítear na sainmhínithe seo a leanas san Acht:

> *ciallaíonn 'a sheolann gnólacht meán sa Stát', i ndáil le gnólacht meán, na nithe seo a leanas —*
>
> > *(a) tá láithreacht fhisiciúil aige sa Stát, lena n-áirítear oifig, fochuideachta, brainse, oifig ionadaíoch nó gníomhaireacht chláraithe, agus déanann sé díolacháin le custaiméirí atá lonnaithe sa Stát, nó*
> >
> > *(b) go ndearna sé díolacháin sa Stát dar luach €2 milliún ar a laghad sa bhliain airgeadais is déanaí;*[6]

Ciallaíonn 'gnólacht meán' gnó (cibé acu gnólacht uile nó cuid de ghnólacht gnóthais) na nithe seo a leanas —

---

[5] Alt 28M den Acht Iomaíochta, 2002, arna chur isteach le halt 74 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Foráiltear le halt 60(2) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 go ndéanfar aon tagairtí don "Údarás" (Údarás Craolacháin na hÉireann) a fhorléiriú mar thagairtí don "Choimisiún" (Coimisiún na Meán).

[6] Alt 28A(1) den Acht Iomaíochta, 2002, arna chur isteach le halt 74 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.

*(a) nuachtáin nó tréimhseacháin arb é atá iontu go substaintiúil nuacht agus trácht ar chúrsaí reatha a fhoilsiú, lena n-áirítear foilsiú na nuachtán nó na dtréimhseachán sin ar an idirlíon,*

*(b) seirbhís chraolacháin a tharchur, a ath-tharchur nó a athsheachadadh,*

*(c) aon ábhar cláir arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus trácht ar chúrsaí reatha a sholáthar do sheirbhís chraolacháin, nó*

*(d) aon ábhar scríofa, closamhairc nó fótagrafach, arb é atá ann go substaintiúil nuacht agus trácht ar chúrsaí reatha, atá faoi rialú eagarthóireachta an ghnóthais a chuireann an t-ábhar sin ar fáil, a chur ar fáil ar líonra cumarsáide leictreonaí;*[7]

Tugadh córas do Chumaisc Meán isteach in 2014 trí leasuithe ar an Acht Iomaíochta, 2002 leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, ina sonraítear nach ceadmhach don Aire cumaisc a mheastar a bheith contrártha le leas an phobail san iolrachas a chur i bhfeidhm.[8] Faoin gcóras seo, cinneann réamh-mheasúnú cé acu an ardaíonn idirbheart beartaithe ábhair imní nó nach n-ardaíonn. Mura n-ardaítear aon ábhair imní, féadfaidh an tAire an t-idirbheart a cheadú ag an gcéim seo (ar a dtugtar athbhreithniú Céim I). I gcásanna áirithe, féadfar cumasc meán a chur i bhfeidhm faoi réir na ngealltanas beartaithe arna dtairiscint ag na gnóthais a chur san áireamh mar choinníollacha sonraithe atá le comhlíonadh. I gcásanna ina measann an tAire go bhféadfadh an cumasc meán a bheith contrártha do leas an phobail maidir le hiolrachas na meán sa Stát a chosaint, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gCoimisiún ‘scrúdú iomlán cumaisc meán’ a dhéanamh i ndáil leis an gcumasc meán lena mbaineann faoi alt 28E (ar a dtugtar athbhreithniú Céim II).

*An tAcht Craolacháin, 2009*

Foráiltear san Acht Craolacháin, 2009 go ndéanfaidh an tAire, le linn dó nó di breith a thabhairt maidir le fiúntas poiblí togra le haghaidh seirbhísí nua agus éagsúlachtaí i gcainéil “rannchuidiú an togra le hiolarthacht na meán” a bhreithniú.[9] Ina theannta sin,

---

[7] Alt 28A(1) den Acht Iomaíochta, 2002, arna chur isteach le halt 74 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.
[8] Cuid 3A den Acht Iomaíochta, 2002, arna leasú. Tá sonraí faoin gcóras ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Cumaisc Meán.
Téacs iomlán Chuid 3A: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/29/section/74/enacted/en/html
[9] Alt 103(8)(h) den Acht Craolacháin, 2009:
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/18/enacted/en/pdf

faoi théarmaí conradh craolacháin arna dhámhachtain ag an gCoimisiún, ní mór do chonraitheoir ceadú roimh ré a fháil ón gCoimisiún maidir le haon athruithe ar a struchtúr úinéireachta agus rialaithe nó maidir leis an gconradh craolacháin a shannadh d'eintiteas eile.

*An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán*

Tabharfar aird freisin ar an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ("EMFA"),[10] lena bhforáiltear faoi Airteagal 22 go leagfaidh na Ballstáit síos sa dlí náisiúnta, rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta lena gceadaítear measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe i margadh na meán[11] a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta. I measúnú ar chomhchruinnithe i margadh na meán, sonraítear in EMFA go gcuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh:

> *(a) an tionchar a mheastar a bheidh ag an gcomhchruinniú i margadh na meán ar iolrachas na meán, lena n-áirítear a éifeachtaí ar thuairimí an phobail a chruthú agus ar éagsúlacht na seirbhísí meán agus na dtairiscintí meán ar an margadh, agus an timpeallacht ar líne agus leasanna na bpáirtithe sna meáin eile nó i ngnólachtaí nach gnólachtaí meán iad, a naisc leo nó a ngníomhaíochtaí iontu á gcur san áireamh;*
>
> *(b) na coimircí maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear na bearta arna nglacadh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta a ráthú;*
>
> *(c) cibé acu, in éagmais an chomhchruinnithe i margadh na meán, a bheadh nó nach mbeadh na páirtithe a bhfuil baint acu le comhchruinniú i margadh na meán fós inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon roghanna eile ann chun a n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch a áirithiú;*
>
> *(d) i gcás inarb ábhartha, torthaí thuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ar an smacht reachta maidir le hiolrachas na meán agus saoirse na meán; agus*

---

[10] An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32024R1083

[11] Sainmhínítear in Airteagal 2 de EMFA comhchruinniú i margadh na meán mar chomhchruinniú "a bhfuil soláthraí seirbhíse meán amháin ar a laghad nó soláthraí amháin ardáin ar líne a sholáthraíonn rochtain ar ábhar meán páirteach ann".

*(e) i gcás inarb infheidhme, na gealltanais a d'fhéadfadh aon cheann de na páirtithe a bhfuil baint acu le comhchruinniú i margadh na meán a thairiscint chun iolrachas agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán a choimirciú.*

Tháinig EMFA i bhfeidhm an 7 Bealtaine 2024 agus tá feidhm iomlán ag formhór a fhorálacha (lena n-áirítear Airteagal 22) ón 8 Lúnasa 2025. Cé gur rialachán é EMFA agus go bhfuil sé infheidhme go díreach maidir leis na Ballstáit, is gá roinnt eilimintí a thrasuí i ndlí na hÉireann. Tá forálacha EMFA maidir le comhchruinnithe i margadh na meán éagsúil ar roinnt bealaí leis an gcóras atá ann cheana maidir le cumaisc meán (go sonrach, tá raon feidhme an chreata a thuartar i bhfad níos leithne) agus tá gá le leasú ar an Acht Iomaíochta, 2002. Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag obair ar EMFA a thrasuí faoi láthair.

## 3. Creat coincheapúil

Is éard atá i gceist le cuid den athbhreithniú gnólachtaí meán a aithint, cur síos a dhéanamh ar a n-úinéireacht reatha, agus athruithe ar úinéireacht a rianú. Bainfidh sé seo úsáid as an mbunachar sonraí ón athbhreithniú roimhe seo, as liosta na gcumasc meán dá dtugtar fógra arna mbreithniú ag an Aire le linn na tréimhse 2021-2023 (féach Cuid 7), agus as bunachar sonraí Úinéireacht na Meán in Éirinn[12] arna fhorbairt ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) don Choimisiún. Ceanglaítear le hAcht 2002 freisin go mbreithneofar rialú, ar féidir leis a bheith ina shaincheist níos caolchúisí ná úinéireacht, i bhfianaise gur féidir níos mó ná struchtúir shimplí úinéireachta a bheith i gceist leis agus go bhféadfadh socruithe casta amhail cearta vótála, comhaontuithe conarthacha, tionchar eagarthóireachta nó spleáchais airgeadais a bheith i gceist. Is féidir tionchar a bheith ag na tosca sin ar iolrachas agus ar éagsúlacht na meán fiú mura bhfuil aon athrú ar úinéireacht fhoirmiúil, rud a fhágann go bhfuil sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar úinéireacht agus ar rialú araon chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar thírdhreach na meán agus ar struchtúir oibríochtúla.

Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Acht go ndéanfar measúnú ar an gcaoi a ndeachaigh athruithe ar úinéireacht agus ar rialú i bhfeidhm ar iolrachas. Mar a rinneadh in athbhreithnithe roimhe seo, tá sé tábhachtach an measúnú sin a fhorlíonadh agus breithniú a dhéanamh ar athruithe margaidh níos leithne a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iolrachas freisin. Mar shampla, dá bhfásfadh úinéir meán go horgánach sa chaoi go mbeadh sciar ceannasach de thomhaltas nuachta

[12] Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, bunachar sonraí Úinéireacht na Meán in Éirinn: http://www.mediaownership.ie

aige, d'ardódh sé sin ábhair imní maidir le hiolrachas, cé nach mbeadh aon athruithe rialaithe ann.

D'fhéadfadh athruithe níos leithne den sórt sin a bheith mar thoradh ar iontrálaithe nó dúnadh nua, athruithe ar phatrúin tomhaltais nuachta ar fud soláthraithe, nó athruithe ar an gcaoi a bhfaigheann tomhaltóirí rochtain ar a gcuid nuachta (m.sh., trí na meáin shóisialta). Dá bhrí sin, tugann ár gceisteanna comhairliúcháin aghaidh ar na saincheisteanna níos leithne seo chomh maith le raon feidhme sonrach an Achta.

Agus cúrsaí a bhaineann le hiolrachas na meán á mbreithniú aige, déanann an Coimisiún amhlaidh agus tagairt á déanamh aige don sainmhíniú ar iolrachas na meán atá leagtha amach san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 agus do Bheartas an Choimisiúin maidir le hIolrachas na Meán.[13] Sainmhíníonn sé seo iolrachas na meán agus tagairt á déanamh d'ábhar agus d'úinéireacht na meán araon ar an mbealach seo a leanas:

- Is éard is Éagsúlacht Ábhair ann a mhéid a léirítear éagsúlacht leathan na dtuairimí (lena n-áirítear éagsúlacht na dtuairimí maidir le nuacht agus cúrsaí reatha agus éagsúlacht na leasanna cultúrtha atá forleathan i sochaí na hÉireann) trí ghníomhaíochtaí na ngnólachtaí meán sa Stát, lena n-áirítear a n-éiteas eagarthóireachta, a n-ábhar agus a bhfoinsí.

- Is éard is Éagsúlacht Úinéireachta ann raon úinéireachta agus rialaithe gnólachtaí meán sa Stát atá nasctha leis an sciar den mhargadh atá ag na gnólachtaí meán sin de réir mar a thomhaistear é le lucht éisteachta, lucht léitheoireachta, freastal nó bearta iomchuí eile.

Tugann an coincheap dúbailte seo aghaidh ar iolrachas seachtrach agus iolrachas inmheánach araon. Pléann iolrachas seachtrach le raon úinéireachta agus rialaithe gnólachtaí meán. Pléann iolrachas inmheánach le cineál ábhar ar leith sna meáin, idir ábhar polaitiúil agus ábhar cultúrtha, agus modhanna foinsithe eagraíochtaí meán. Dá réir sin, is féidir iolrachas na meán a thomhas ar roinnt bealaí nach bhfuil comheisiach agus is iondúil go mbíonn na bearta sin comhlántach ar a chéile.

---

[13] https://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2019/06/BAI_MediaPlurality_Policy_vFinal.pdf

## 4. Ceisteanna le haghaidh comhairliúcháin

Seo thíos na ceisteanna a lorgaímid ionchur na bpáirtithe leasmhara ina leith maidir le hathruithe ar iolrachas do 2021-2023. Iarrtar ar fhreagróirí aon cheann de na ceisteanna nó gach ceann acu a fhreagairt de réir mar is cuí leo – níl aon cheanglas ann gach ceist a fhreagairt. I gcás ina n-aithníonn páirtithe leasmhara saincheisteanna eile a mheasann siad a bheith ábhartha don mheasúnú seo, tá fáilte rompu iad a áireamh agus aghaidh a thabhairt orthu ina n-aighneachtaí. Molaimid do fhreagróirí fianaise tacaíochta a sholáthar dá n-ionchuir nuair is féidir.

**C1: An raibh tionchar ábhartha ag aon chumasc meán a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse 2021-2023 ar iolrachas?**

Le linn na tréimhse 2021-2023, cheadaigh an tAire gach ceann de na 20 cumasc beartaithe ar tugadh fógra don Aire ina leith faoi chóras na gCumasc Meán, bunaithe ar athbhreithnithe Chéim I. Ní dhearnadh aon cheann acu a tharchur chuig athbhreithniú Chéim II (chun sonraí a fháil, féach Cuid 7). Ní raibh aon chumasc ann nár cheadaigh an tAire a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tugann sé seo le fios nár chreid an tAire, tar éis dó an cumasc a bhreithniú de réir na gceanglas reachtach, go mbeadh aon cheann de na cumaisc seo contrártha do leas an phobail bunaithe ar an bhfaisnéis agus an anailís is fearr a bhí ann ag an am.

Mar sin féin, ní gá go bhfágann sé nach raibh tionchar ábhartha ag aon cheann de na hidirbhearta ar iolrachas. Ar an gcéad dul síos, tá an tAire i dteideal sraith tosca a chur san áireamh agus a chinneadh á dhéanamh aige. Mar shampla, dá bhféadfadh ceann de na soláthraithe a bheith neamh-inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de in éagmais idirbhirt, d'fhéadfadh caillteanas iolrachais éigin a bheith dosheachanta.

Ar an dara dul síos, is gá go mbeidh measúnuithe an Aire (agus measúnuithe an Choimisiúin in aon athbhreithniú i gCéim II) ag breathnú chun cinn, agus is féidir go mbeidh toradh iarbhír idirbhirt éagsúil leis an toradh a bhfuiltear ag súil leis tráth an cheadaithe.

Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na hidirbhearta ar iolrachas.

Ina fhianaise sin, an gcreideann tú go raibh tionchar ábhartha – bíodh sé sin dearfach nó diúltach – ag aon cheann de na cumaisc meán le linn na tréimhse ar iolrachas? Má chreideann, luaigh cén fáth.

- **C2: Cén tionchar comhiomlán a bhí ag cumaisc meán le linn na tréimhse seo?**

  Is gá measúnú a dhéanamh ar idirbhearta ina n-aonar faoin gcóras cumaisc. Mar sin féin, is féidir go bhféadfadh tionchar comhiomlán suntasach a bheith ag sraith idirbheart beag a cheadaítear ar leithligh. Dar leat, cad é an tionchar comhiomlán, más ann dó, a bhí ag idirbhearta go ginearálta ó 2021-2023, nó ag roinnt idirbheart, ar iolrachas na meán (bíodh sé sin dearfach, diúltach nó neodrach), agus cén fáth?

- **C3: An bhfuil aon ghealltanais bhreise ann a d'fhéadfadh na páirtithe a raibh baint acu le haon idirbhearta, a raibh comhchruinnithe sa mhargadh níos airde mar thoradh orthu, a thairiscint chun iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a choimirciú?**

  Agus measúnú á dhéanamh ar chomhchruinnithe i margadh na meán a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar iolrachas na meán, an bhfuil coimircí sonracha nó ginearálta ann ar mhaith leat go ndéanfadh aon pháirtithe maidir leis na hidirbhearta nó a mheasann tú a d’fhéadfadh/gur cheart a bheith forchurtha ag an Aire?

- **C4: An bhfuil forbairtí sa mhargadh (cé is moite de chumaisc) a raibh tionchar ábhartha acu ar iolrachas?**

  Mar a tugadh faoi deara, ní hiad na hidirbhearta amháin a spreagann athruithe ar iolrachas. Is féidir le tosca eile iolrachas a laghdú nó a fheabhsú. Cé nach dtagann na tosca sin faoi raon feidhme reachtúil athbhreithniú an Choimisiúin, soláthraíonn tuiscint ar na tosca sin comhthéacs úsáideach.

  D’fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis na tosca:

  - Athruithe ar an sciar den mhargadh le haghaidh soláthraithe nuachta éagsúla.[14]
  - Patrúin athraitheacha de thomhaltas nuachta ar fud na meán éagsúil.
  - Athruithe ar leibhéil lucht léitheoireachta nó ar leibhéil lucht féachana le haghaidh soláthraithe éagsúla.

[14] Chun breathnú ar shuirbhé a rinneadh le déanaí ar fhorbairtí i dtomhaltas nuachta in Éirinn, féach Tuarascáil ar Nuacht Dhigiteach na hÉireann 2024

- Tábhacht an tomhaltais nuachta a mhéadú trí na meáin shóisialta agus trí ardáin ar líne.
- Teagmháil dhíreach idir lucht féachana agus pearsana polaitiúla agus poiblí trí na meáin shóisialta agus trí ardáin ar líne.
- Athruithe ar an mbéim eagarthóireachta nó ar an ábhar a léiríonn soláthraithe meán.
- Laghdú ar choimircí/athruithe ar neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe meán.
- Ábhar a mhaolú nó a éagsúlú níos mó laistigh de na soláthraithe faoi chomhúinéireacht, a bhféadfadh tionchar a bheith ag athruithe ar rialú eagarthóireachta air.
- Soláthraithe meán nua a theacht chun cinn nó soláthraithe atá ann cheana a dhúnadh.
- Athruithe ar chumais bailithe nuachta agus ar infheistíocht ag eagraíochtaí meán.
- Athruithe ar leibhéil aschuir arna dtáirgeadh ag soláthraithe maidir le cúrsaí cultúir, féiniúlachta, spóirt, teanga agus nithe eile is gné dhílis iad d'Éirinn agus de mhuintir na hÉireann.
- Claochlú ar na samhlacha maoinithe do na meáin agus don iriseoireacht, amhail méadú na samhlacha síntiúis dhigitigh.

**(4a) Cá mhéad a chreideann tú go raibh tionchar ag ceann amháin nó níos mó de na tosca a liostaítear thuas ar iolrachas na meán agus/nó ar leibhéil inghlactha iolrachais idir 2021 agus 2023? Má chreideann tú go raibh, tabhair tuilleadh eolais ar na cúiseanna le do thuairim.**

**(4b) An raibh tionchar ag aon tosca breise ar iolrachas na meán idir 2021 agus 2023? Má bhí, tabhair tuilleadh eolais.**

**(4c) An bhfuil aon saincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn a chreideann tú atá tábhachtach chun iolrachas na meán sa Stát a thuiscint? Má tá, mínigh cén fáth.**

# 5. Ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo

Ar dtús, is féidir gur mian le freagróirí tagairt a dhéanamh do Threoirlínte Comhairliúcháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí, faisnéis agus fianaise maidir le haon cheann de na hábhair thuas nó gach ceann acu. Is féidir le freagróirí a n-aighneacht a dhéanamh i scríbhinn trí ríomhphost nó tríd an bpost/de láimh chuig ceann amháin díobh seo a leanas:

*Ríomhphost: research@cnam.ie*

*Post: Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroinn, Bóthar Shíol Bhroinn, Baile Átha Cliath 4.*

### Achar ama le haghaidh freagraí

Ní mór na freagraí uile ar an gcomhairliúchán seo a chur isteach chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 29 Samhain 2024.

Má theastaíonn aon chúnamh uait chun freagra a thabhairt, déan teagmháil leis an gCoimisiún ach ríomhphost a chur chuig research@cnam.ie nó glao a chur ar 01 644 1200.

# 6. Foilsiú aighneachtaí

Foilseoidh an Coimisiún na haighneachtaí a gheofar sa chomhairliúchán seo ar www.cnam.ie tar éis an ‘Tuarascáil maidir le húinéireacht agus rialú gnólachtaí meán in Éirinn 2021-2023’ a fhoilsiú, faoi réir breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a d’fhéadfaí a mheas a bheith de chineál pearsanta, íogair nó gur tugadh i modh rúin í.

### Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (‘RGCS’), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha aige atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat níos mó eolais a fháil maidir le conas a phróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta ag:

https://www.cnam.ie/dataprotection/

Don phróiseas seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a áirítear i do fhreagra. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d’uimhir theileafóin nó do ríomhphost.

Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo seachas aon chríoch eile.

### Faisnéis rúnda

Mar atá luaite, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a gheofar mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Tabhair aon fhaisnéis rúnda in iarscríbhinn a ghabhann le haighneacht i scríbhinn nó mar cheangaltán má chuireann tú d’aighneacht isteach ar líne nó trí ríomhphost.  Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin.

### Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh a dhéantar chuige faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## Clárú

Más spéis leat coinneáil cothrom le dáta le hobair an Choimisiúin, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún, agus clárú ag https://www.cnam.ie/sign-up-to-newsletter/ chun ár nuacht, ár nuashonruithe, agus ár bhfoilseacháin a fháil.

# 7. Cumaisc meán dá dtugtar fógra 2021-2023

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | Gan aon cheann acu | Communicorp Group Limited | An earnáil chraolacháin:<br>1. Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | 23/03/2021 | 12/05/2021 | Céim 1 | Faofa | |
| DMG Media Limited | Associated Newspapers Ireland (Irish Daily Mail, Irish Mail on Sunday) | New Scientist Group Limited* | Gan aon cheann acu | 23/04/2021 | n/bh | n/bh | Thug na páirtithe fógra i leith an chumaisc | *An Ríocht Aontaithe |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | ach níor mheas an Roinn gur cumasc meán é. | |
| Digital UK Trading Limited | Is craoltóirí seirbhíse poiblí na Ríochta Aontaithe atá gníomhach san earnáil chraolacháin agus in earnáil na meán idirlín sa Stát iad máthairchomhlachtaí an Cheannaitheora (BBC, ITV agus Channel 4). | Freesat UK Limited | Is craoltóirí seirbhíse poiblí na Ríochta Aontaithe atá gníomhach san earnáil chraolacháin agus in earnáil na meán idirlín sa Stát iad máthairchomhlachtaí na Sprice (BBC agus ITV). | 14/05/2021 | 24/06/2021 | Céim 1 | Faofa | |
| DigitalBridge Group* | Gan aon cheann acu | Liberty Global plc* | Gníomhach sa Stát trína fhochuideachta, Virgin Media, agus All3Media | 01/07/2021 | 12/08/2021 | Céim 1 | Faofa | *Ní 'ceannaitheoir' ná 'sprioc' iad na páirtithe mar gur comhfhiontar iad |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1. Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Imagine Radio* | Gan aon cheann acu | 08/07/2021 | 12/08/2021 | Céim 1 | Faofa | *An Ríocht Aontaithe |
| Apollo Management | Gan aon cheann acu | Verizon Media Group | ie.yahoo.com | 21/07/2021 | 12/08/2021 | Céim 1 | Faofa | |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Channel 5 Broadcasting Limited | Tá roinnt cainéil atá ar fáil sa Stát trí Sky Ireland agus Virgin Media Ireland faoi úinéireacht ViacomCBS (úinéir Channel 5), lena n-áirítear MTV Ireland, Nickelodeon, Comedy Central. | Digital UK Limited | Tá an sprioc á comhrialú ag BBC, ITV agus Channel 4 atá gníomhach san earnáil chraolacháin agus in earnáil na meán idirlín sa Stát trí raon cainéal teilifíse, stáisiún raidió agus tairiscintí nuachta ar líne a sholáthar. | 27/10/2021 | 07/12/2021 | Céim 1 | Faofa | |
| DMG Media Ireland | (a) Dhá nuachtán náisiúnta:<br>(i) The Irish Daily Mail<br>(ii) The Irish Mail on Sunday<br><br>(b) Trí thairiscint nuachta ar líne:<br>(i) Mail Online<br>(ii) Evoke.ie<br>(iii) Extra.ie | Nalac Limited | Business Plus, bizplus.ie | 03/11/2021 | 15/12/2021 | Céim 1 | Faofa | |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sky Limited* | Tá Sky, trína fhochuideachtaí, gníomhach i soláthar na sócmhainní ábhartha meán seo a leanas:<br>(a) Ardán craolacháin Sky<br>(b) Cainéil Sky TV, lena n-áirítear Sky News agus cainéil Sky Sports<br>(c) An tairiscint nuachta ar líne news.sky.com<br>(d) Tá an cainéal saorchraolta Sky News TV ar fáil sa Stát ar Saorview<br><br>Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Comcast é Sky. Tá Comcast gníomhach freisin in earnáil na meán sa Stát trína fhochuideachta atá faoi lánúinéireacht NBCU agus trína leas in www.buzzfeed.com | Paramount Pictures* | Tá Paramount mar chuid den ghrúpa ViacomCBS, a bhfuil roinnt cainéil teilifíse siamsaíochta faoi úinéireacht aige lena n-áirítear MTV, Nickelodeon agus Comedy Central | 14/11/2021 | 27/01/2022 | Céim 1 | Faofa | *Ní 'ceannaitheoir' ná 'sprioc' iad na páirtithe mar gur comhfhiontar iad |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ExpressNet (faoi úinéireacht Bauer Media) | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Europa 2* | Gan aon cheann acu | 13/01/2022 | 21/04/2022 | Céim 1 | Faofa | *An tSlóvaic |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | MCR II – Media Capital Rádios* | Gan aon cheann acu | 16/03/2022 | 20/04/2022 | Céim 1 | Faofa | *An Phortaingéil |
| Isle of Man FM Radio Holdings Limited | Tá scairshealbha tairbhiúla deiridh ag úinéirí Isle of Man FM i dtrí stáisiún raidió áitiúla in Éirinn freisin: East Coast FM, Sunshine 106.8, agus KFM Radio. | 3FM Limited* | Gan aon cheann acu | 22/03/2022 | 04/05/2022 | Céim 1 | Faofa | *Oileán Mhanann |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Viaplay Group UK Limited | Gan aon cheann acu | FreeSports Limited agus Premier Media Broadcasting Limited | Cainéal spóirt Boxnation, faoi úinéireacht Premier Media Broadcasting Limited | 02/09/2022 | 14/10/2022 | Céim 1 | Faofa | |
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Siteridge Limited | An stáisiún raidió áitiúil, RedFM agus an suíomh gréasáin gaolmhar, redfm.ie | 23/12/2022 | 16/02/2023 | Céim 1 | Faofa | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Formpress Publishing Limited | Tá na teidil nuachtáin áitiúla/réigiúnacha seo a leanas sa Stát faoi úinéireacht ag Formpress agus á n-oibriú aige:<br>• Donegal Democrat<br>• Donegal Post<br>• Donegal People's Press<br>• Inish Times<br>• Dundalk Democrat<br>• Kilkenny People<br>• Leinster Express<br>• Leinster Leader<br>• Leitrim Observer<br>• Limerick Leader<br>• Longford Leader<br>• Midland & Tullamore Tribune (Barrtheidil éagsúla chun an ceantar a bhfreastalaíonn siad air a léiriú)<br>• Clonmel Nationalist<br>• Tipperary Star<br>Tá suímh ghréasáin na nuachtán áitiúil/réigiúnach seo a leanas sa Stát faoi úinéireacht ag Formpress agus á n-oibriú aige:<br>• donegalive.ie<br>• dundalkdemocrat.ie<br>• kilkennypeople.ie | Mayo News (Holdings) Limited | Mayo News, mayonews.ie | 05/01/2023 | 20/02/2023 | Céim 1 | Faofa | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | • leinsterexpress.ie<br>• leinsterleader.ie<br>• kildarenow.com<br>• leitrimobserver.ie<br>• limerickleader.ie<br>• longfordleader.ie<br>• offalyexpress.ie<br>• tipperarylive.ie<br>• inishlive.ie<br>• kilkennypeople.ie | | | | | | | | |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br>6. RedFM<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Sunshine Radio* | Gan aon cheann acu | 11/05/2023 | 30/06/2023 | Céim 1 | Faofa | *An Ríocht Aontaithe |

Coimisiún na Meán

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br>6. RedFM<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Jack Media* | Gan aon cheann acu | 08/09/2023 | 25/09/2023 | Céim 1 | Faofa | *An Ríocht Aontaithe |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bauer Media Audio Holding GmbH | An earnáil chraolacháin:<br>1.Today FM,<br>2. Newstalk,<br>3. 98FM,<br>4. Spin 103.8,<br>5. Spin SouthWest<br>6. RedFM<br><br>Earnáil na meán idirlín:<br>Sé shuíomh gréasáin:<br>- todayfm.com<br>- newstalk.com<br>- 98fm.com<br>- spin1038.com<br>- spinsouthwest.com<br>- otbsports.com | Wilton Radio Limited | Dhá stáisiún raidió áitiúla:<br>(i) iRadio Thiar Thuaidh<br>(ii) iRadio Thoir Thuaidh<br><br>Suíomh gréasáin amháin:<br>(i) iRadio.ie | 14/09/2023 | 25/10/2023 | Céim 1 | Faofa | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mediahuis N.V. | Ceithre nuachtán náisiúnta:<br>(i) The Irish Independent<br>(ii) The Herald<br>(iii) The Sunday Independent<br>(iv) The Sunday World<br><br>Aon nuachtán déag réigiúnacha:<br>(i) The Kerryman<br>(ii) The Corkman<br>(iii) Drogheda Independent<br>(iv) The Argus<br>(v) Bray People<br>(vi) Wicklow People<br>(vii) Wexford People<br>(viii) Gorey Guardian<br>(ix) Enniscorthy Guardian<br>(x) New Ross Standard<br>(xi) The Sligo Champion<br><br>Dhá shuíomh gréasáin:<br>(i) www.irishindependent.ie<br>(ii) www.sundayworld.com | Euractiv Media Network B.V* | Gan aon cheann acu | 29/09/2023 | 13/11/2023 | Céim 1 | Faofa | *An Bheilg |

| Ceannaitheoir | Príomhshócmhainní Meán an Cheannaitheora in Éirinn | Sprioc | Príomhshócmhainní meán na sprice in Éirinn | Fógra | Cinneadh | Céim(eanna) an Athbhreithnithe | Toradh | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| News Corp UK and Ireland Limited* | Trí nuachtán náisiúnta:<br>(i) The Irish Sun<br>(ii) Sunday Times Ireland<br>(iii) The Irish Sun on Sunday<br><br>Sé stáisiún raidió áitiúla:<br>(i) FM104<br>(ii) 96FM Chorcaí<br>(iii) C103<br>(iv) Live 95<br>(v) Q102 Bhaile Átha Cliath<br>(vi) LM FM<br><br>Ocht suíomh gréasáin:<br>(i) Sun.ie<br>(ii) Times.ie<br>(iii) FM104.ie<br>(iv) 96fm.ie<br>(v) C103.ie<br>(vi) Live95fm.ie<br>(vii) Q102.ie<br>(viii) LMFM.ie | Daily Mail agus General Holdings Limited* | Dhá nuachtán náisiúnta:<br>(i) The Irish Daily Mail<br>(ii) The Irish Mail on Sunday<br><br>Iris amháin:<br>(i) Business Plus<br><br>Ceithre shuíomh gréasáin:<br>(i) MailOnline<br>(ii) Extra.ie<br>(iii) Evoke.ie<br>(iv) BusinessPlus.ie | 06/12/2023 | 22/01/2024 | Céim 1 | Faofa | *Ní ‘ceannaitheoir’ ná ‘sprioc’ iad na páirtithe mar gur comhfhiontar é |